Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 15
# Rúnseirbhís

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 15, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh san bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 don Rúnseirbhís.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2019.

Dlitear barrachas €266,000 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 3.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá socruithe forordaithe i bhfeidhm leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis an Roinn Cosanta maidir leis an t-airgid a tharraingt anuas ó Vóta na Rúnseirbhíse agus i gcomhair an deimhniúchán bliantúil a fháil ó na hAirí ábhartha maidir leis an airgead ídithe i rith na bliana, chomh maith le hiarmhéideanna ag deireadh na bliana.

Ar chúiseanna slándála, tá srianta i bhfeidhm maidir le hoibriúcháin agus eolas faoi na hidirbhearta aonair. Cuireann sé sin srianta ar na gnáthrialuithe díreacha atá ar fáil dom mar Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta. Sna cúinsí, braithim ar na ráitis dheimhnithe bhliantúla atá sínithe ag na hAirí a bhfuil airgead eisithe chucu, atá mar bhonn agus mar thaca ag na rialuithe oibríochtúla atá curtha i bhfeidhm ag a Ranna.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
Rúnseirbhís

5 Márta 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 15 Rúnseirbhís

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 15 Rúnseirbhís don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú)1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 15 Rúnseirbhís don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá na freagrachtaí eile atá orm ó thaobh eitice de de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Chun críocha an iniúchta seo, cuireadh deimhnithe ar fáil dom ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ón Aire Cosanta lena dtacaítear leis an gcaiteachas ón Vóta. Creidim gur leor agus gur cuí fianaise an iniúchta atá faighte agam chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.*

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

18 Meitheamh 2020

## Vóta 15 Rúnseirbhís

# Cuntas Leithreasa 2019

| | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|
| | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | |
| Rúnseirbhís | 1,250 | 984 | 883 |
| | **1,250** | **984** | **883** |

**Farasbarr**

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **266,307** | **116,720** |

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
Rúnseirbhís

5 Márta 2020

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2019

Ní bhaineann an nóta seo le hábhar i gcás an Vóta na Rúnseirbhíse.

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar a bhí 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Iarmhéideanna fo-chuntas | | 262 | 116 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **262** | **116** |
| **Lúide sócmhainní reatha** | | | |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | | 116 | 272 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.1 | 146 | (156) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **262** | **116** |
| **Glansócmhainní reatha** | | — | — |
| **Glansócmhainní** | | **—** | **—** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.2 | **—** | **—** |

## 2.1 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 266 | 117 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingte | (120) | (273) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **146** | **(156)** |
| **Arna léiriú ag** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna fo-chuntas | 262 | 116 |
| | 262 | 116 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | (116) | (272) |
| | (116) | (272) |
| | **146** | **(156)** |

## 2.2 Cuntas mhaoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | — | — |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,250 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (266) | | |
| Glanvóta | | | 984 | 883 |
| Glanchostas an chláir | | | (984) | (883) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **—** | **—** |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Bhí an toradh maidir le caiteachais €266,000 (21%) níos ísle ná an tsuim a soláthraíodh. Tá an meastachán tuairimeach ar bhonn riachtanais.